



## IONSTRAIMÍ REACHTÚLA.

I.R. Uimh. 250 de 2022

---

AN tORDÚ UM ACHT NA GAELTACHTA, 2012 (LIMISTÉIR PLEANÁLA  
TEANGA GHAELTACHTA A AINMNIÚ), 2022

I.R. Uimh. 250 de 2022

AN tORDÚ UM ACHT NA GAELTACHTA, 2012 (LIMISTÉIR PLEANÁLA  
TEANGA GHAELTACHTA A AINMNIÚ), 2022

I bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dom le halt 7(2) d’Acht na Gaeltachta, 2012 (Uimh. 34 de 2012) (arna oiriúnú leis an Ordú Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta (Ainm na Roinne agus Teideal an Aire a Athrú) 2020 (I.R. Uimh. 403 de 2020)) agus an tOrdú Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán (Feidhmeanna Aire a Tharmligean), 2020 (I.R. Uimh. 547 de 2020), déanaimse, Jack Chambers, Aire Stáit ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, leis seo an t-ordú seo a leanas:

1. Féadfar an tOrdú um Acht na Gaeltachta, 2012 (Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta a Ainmniú), 2022 a ghairm den Ordú seo.

2. Tá na limistéir a shonraítear sa Sceideal ainmnithe mar Limistéar Pleanála Teanga Ghaeltachta chun críocha alt 7(2) d’Acht na Gaeltachta, 2012 (Uimh. 34 de 2012).

SCEIDEAL

**Limistéar Pleanála Teanga: Oirthear Chathair na Gaillimhe, Co. na Gaillimhe**

- (1) An chuid sin de thoghroinn ceantair Bhaile an Bhriotaigh i gceantar uirbeach na Gaillimhe atá comhdhéanta de na bailte fearainn seo a leanas: An Caisleán Gearr (cuid) agus An Pháirc Mhór.
- (2) An chuid sin de thoghroinn ceantair an Chaisleáin Ghearr i gceantar uirbeach na Gaillimhe atá comhdhéanta de na bailte fearainn seo a leanas: An Chaisleán Ghearr (cuid), Baile an Dúlaigh (cuid) agus Baile an Phoill (cuid).
- (3) An chuid sin de thoghroinn ceantair Mhionlaigh i gceantar uirbeach na Gaillimhe atá comhdhéanta de na bailte fearainn seo a leanas: An Caisleán Gearr (cuid), Baile an Dúlaigh (cuid), Baile an Phoill (cuid), Cúil Each, Mionlach agus Tír Oileáin (cuid).
- (4) An chuid sin de thoghroinn ceantair San Niocláis i gceantar uirbeach na Gaillimhe atá comhdhéanta den bhaile fearainn seo a leanas: Tír Oileáin (cuid).

Arna thabhairt faoi mo láimh,,  
17 Bealtaine 2022

JACK CHAMBERS,  
Aire Stáit ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta,  
Spóirt agus Meán

BAILE ÁTHA CLIATH  
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR

Le ceannach díreach ó  
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,  
BÓTHAR BHAILE UÍ BHEOLÁIN,  
CILL MHAIGHNEANN,  
BAILE ÁTHA CLIATH 8,  
D08 XAO6

Tel: 046 942 3100  
r-phost: [publications@opw.ie](mailto:publications@opw.ie)

DUBLIN  
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE

To be purchased from  
GOVERNMENT PUBLICATIONS,  
MOUNTSHANNON ROAD,  
KILMAINHAM, DUBLIN 8,  
D08 XAO6

Tel: 046 942 3100  
E-mail: [publications@opw.ie](mailto:publications@opw.ie)

€3.00

